**<u>Ceisteanna Coitianta- Baill Leabharlann</u>**

## Ón 1 Eanáir, ní bheidh ar bhaill leabharlann fíneálacha ar earraí thar téarma a íocadh agus ní bhaileofar fíneálacha reatha.

### *1. Cén fáth a chuir an tseirbhís leabarlainne deireadh le fíneálacha thar téarma?*

Is é an cealú fíneálacha ar cheann de na príomh aidhmeanna den staitéis nua leabharlanna poiblí, *Ár Leabharlanna Poiblí 2022: pobail a spreagadh, a cheangal agus a chumasú* a foilsíodh i gcomhpháirt leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, an Cumann Bainistíochta Contae agus Cathrach agus an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil Cumann Bainistíochta Contae agus Cathrach agus an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil agus seolta ag an Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail , Michael Ring T.D i Meitheamh 2018. Tá sé ráite sa straitéis, '***Is acmhainn shaor í an leabharlann ar ba chóir di bheith ar fáil do chách gan bac, gan táillí. Léiríodh go bhfuil drochthionchar ag baint le táillí agus fíneálacha ar úsáid leabharlainne ag leanaí agus ag daoine faoi mhíbhuntáiste. Ina theannta sin, tá mionfhianaise ann go spreagann siad filleadh tráthúil – ina áit sin, d'fhéadfaidís baill a dhíspreagadh ó earraí atá thar téarma a thabhairt ar ais.***

Is slí eile é cealú fíneálacha do leabharlanna chun daoine nach n-úsáideann an leabharlann go rialta a spreagadh chun taithí a fháil ar an méid atá ar fáil.

Táimid ag spreagadh baill an phobail earraí leabharlainne thar téarma atá slán a chur ar ais chuig a leabharlanna áitiúla. Ní bheidh fínéalacha le híoc agus bheadh muid sásta do bhallraíocht leabharlainne a athmhúscail ionas go mbeidh tú in ann do leabharlann áitiúil a úsáid arís.

### *2. An gcuirfidh deireadh le fíneálacha thar téarma ar gach ábhair?*

Ní ghearrfar fíneálacha thar téarma ar aon ábhair a fuair baill leabharlainne ar iasacht
ón leabharlann ón 1 Eanáir 2019.

### *3.* An bhfuil orm an fhíneál a bhí ar mo chuntas sular gcuirtear deireadh le fíneálacha leabharlainne a íoc?

Ón 1 Eanáir 2019, gheofar gach táillí ar chuntais ball.

### *4.Táim tar éis mo fhíneálacha thar téarma a íoc.* **An bhfaighidh mé aisíoc?**

Ní bhfaighidh tú. Is mór againn d'usáid freagrach as ábhair leabharlainne. Tiocfaidh an polasaí nua seo chun deireadh a chur le fínéalacha thar téarma i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2019 agus ní dhéanfar aisíoc ar fíneálacha thar tréimhse a íocadh cheana.

### *5. Tá deireadh curtha le fíneálacha ach cén fáth a bhfuil iarmhéid fós ag mo chuntas?*

Ní féidir le fíneálacha a bheith glanta ó chuntas go dtí go dtugtar an t-earra atá thar téarma ar ais chuig an leabharlann toisc nach ngearrfaidh an córas bainistíochta leabharlainne fíneálacha ar an gcuntas go dtí go ndéanfar é seo. Nuair a thugtar earra ar ais, gearran an córas an fhíneál go huathoibríoch agus is féidir é seo a bheith glanta ansin. Is féidir le ball fhoireann leabharlainne fíneálacha ghlanadh ar iarratas, nó tarlóidh glanadh lárnach gach lá.

Beidh deireadh curtha le fíneálacha thar téarma in Éirinn ón 1 Eanáir 2019. Gearrfar táillí ar earraí atá caillte nó damáistithe agus taispeánfar iad mar fhuílleach ar chuntas leabharlainne.

**Bothanna**

Níl bothanna in ann fíneálacha a bhaint, mar sin beidh ar baill leabharlainne a bhfuil fíneálacha gearrtha orthu ag both, dul chuig ball foirne chun na fínealacha a bhaint.

### *6. Conas a chuirfidh an leabharlann iallach ar dhaoine earraí a thug siad ar iasacht a thabhairt ar ais?*

Ní chiallaíonn fíneálacha ar bith freagracht ar bith. Leanfaidh tú le meabhrúcháin agus ríomhphoist faoi earraí dlite thar téarma a fháil chun thú a spreagadh iad a thabhairt ar ais don leabharlann. Tabhair earraí ar ais ar an dáta a bhíonn siad dlite nó roimhe lena ligean d'úsáideoirí leabharlainne eile iad a fháil ar iasacht. Lean ar aghaidh, le do thoil, le d'earraí a athnuachan ar líne, ar an nguthán nó i bpearsan ag do bhrainse áitiúil.
Tabhair earraí atá dlite thar téarma ar ais, le do thoil, a luaithe a fhaigheann tú fógra dlite thar téarma. Má thagann saincheist aníos i dtaobh an earra a thabhairt ar ais, déan teagmháil, le do thoil, le ball foirne leabharlainne chun plé a dhéanamh air seo.
Mura dtugann tú earra ar ais nó mura ndéanann tú teagmháil le ball foirne den leabharlann chun plé a dhéanamh ar earra atá dlite thar téarma sula dtugtar an tríú meabhrúchán duit, déanfar do chárta a bhlocáil ó aon earraí eile a thógáil amach nó a athnuachan, ríomhleabhair agus ríomh-chlosleabhair ina measc. Ní féidir pribhléidí iasachtaithe a aischur ach go dtí go dtugtar an t-earra atá dlite thar téarma ar ais, nó go dtí go ndeara tú teagmháil le ball foirne den leabharlann chun an cheist a phlé.

### *7. Cathain a gheobhaidh mé meabhrúcháin faoi earraí a thabhairt ar ais?*

• 3 Lá roimh an Dáta Dlite: Ríomhphost Meabhrúcháin
• 1 Lá i ndiaidh an Dáta Dhlite: Ríomhphost Meabhrúcháin
• 3 Seachtaine i ndiaidh an Dáta Dhlite: Ríomhphost Meabhrúcháin
• 9 Seachtaine i ndiaidh an Dáta Dhlite: Meastar gur cailleadh an t-earra, rinneadh pribhléidí iasachtaithe a bhlocáil agus iarradh ar an úsáideoir chun teacht i láthair ag an leabharlann
Is féidir leat sonraí do bhallraíochta a sheiceáil, cé acu an bhfuil nó nach bhfuil earraí dlite thar téarma agat ina measc, trí logáil isteach chuig do chuntas ar líne.

### *8. Cad a tharlaíonn má chaillim nó má dhéanaim díobháil do leabhar nó earra eile atá ar iasacht?*

Ní ghearrfar aon táille ar earraí leanaí a athsholáthar a cailleadh nó a ndearnadh díobháil dóibh. Ní iarrfar ar bhaill den leabharlann faoi 18 mbliana d'aois costais athsholáthair a íoc. Iarrfar ort táille athsholáthair a íoc más earra do dhaoine fásta an t-earra a cailleadh nó a ndearnadh díobháil dó. Ríomhfar an costas seo mar phraghas ceannaigh an earra.
Is féidir táillí athsholáthair a íoc ag aon bhrainse leabharlainne, gan aird ar cén áit ónar tugadh an t-earra ar iasacht.

Tabhair faoi deara, le do thoil, murar thug tú fógra don leabharlann faoin gcaillteanas nó díobháil, déanfar do chárta a bhlocáil go sealadach ó earraí a fháil ar iasacht nó a athnuachan, ríomhleabhair agus ríomh-chlosleabhair ina measc go dtí go ndéanann tú teagmháil le ball foirne leabharlainne.